

Tom a' tSeoighe ar Shlí na Fírinne




Eochairfhocail: amhránaí, file, ceoltóir, filíocht, cum, Conamara

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Ainmnigh rud amháin faoinar scríobh Tom a' tSeoighe amhráin agus dánta?
2. Cérbh iad an dá áit a luaitear sa mhír ar chaith Tom tréimhsí ag obair?
3. Cén bhliain inar rugadh Tom?
4. Cé hé an t-amhránaí is mó a chanann na hamhráin a chum Tom a' tSeoighe?
5. Cén cur síos a dhéanann nia le Tom, Ciarán Ó Fatharta, ar a chuid filíochta agus amhrán?
6. Cén saghas file a bhí i Tom a' tSeoighe, dar le Síle Denvir?
7. Breac síos tréith amháin dá phearsantacht a luaitear i dtreo dheireadh na míre.
8. Cén Ghaeltacht a raibh nasc láidir ag Tom a' tSeoighe léi?

Tom a' tSeoighe ar Shlí na Fírinne



Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Cleachtadh Gramadaí

Rugadh Tom a' tSeoighe sa Sconsa i Leitir Móir i gConamara sa bhliain 1930. File agus fear cumtha amhrán a bhí ann. Scríobh sé go príomha faoi Chonamara, saol na ndaoine ann, an imirce, áilleacht an cheantair agus tábhacht na bádóireachta sa cheantar. Chaith sé blianta fada dá shaol ag obair thar lear sa Bhreatain agus i Meiriceá. Tháinig sé ar ais go Conamara agus is ann a thóg sé a chlann in éineacht lena bhean chéile. Pé áit a mbíodh sé ar domhan thugadh sé a pheann leis agus scríobhadh sé dánta. Chuaigh a chuid filíochta i bhfeidhm go mór ar mhuintir Chonamara agus go deimhin ar lucht na Gaeilge trí chéile thar na blianta agus tá muintir Chonamara ar fad faoi bhrón ó fógraíodh a bhás níos luaithe an tseachtain seo.

Ceisteanna:

1. Aimsigh briathar amháin san Aimsir Chaite sa sliocht.
2. Aimsigh sampla amháin den Aidiacht Shealbhach sa sliocht.
3. Aimsigh sampla amháin de Réamhfhocal Simplí sa sliocht.
4. Aimsigh sampla amháin de Bhreischéim na hAidiachta sa sliocht.
5. Aimsigh sampla amháin d'ainmfhocal firinscneach sa sliocht.
6. Aimsigh sampla amháin d'ainmfhocal baininscneach sa sliocht.
7. Aimsigh sampla amháin den Tuiseal Ginideach sa sliocht.
8. Aimsigh sampla amháin de bhriathar san Aimsir Ghnáthchaite sa sliocht

Tom a' tSeoighe ar Shlí na Fírinne



Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Téigh ar líne agus aimsigh ceann de na hamhráin a scríobh Tom a' tSeoighe. Éist go cúramach leis cúpla uair agus ansin scríobh léirmheas gairid air. Is leor 70 focal sa léirmheas. Cabhróidh an stór focal seo a leanas leat.

Amhrán den chéad scoth	Gaeilge shimplí, shothuigthe
Tiúin	Ceol álainn
Fonn deas mall	Curfá
Véarsaí	Críoch dheas



Tom a' tSeoighe ar Shlí na Fírinne



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. An saol i gConamara agus Éireannaigh i gcéin.
2. Áiteanna ar fud na Breataine agus i Meiriceá.
3. 1930.
4. John Beag Ó Flatharta.
5. Chuir daoine aithne air trí na hamhráin/éasca a chuid filíochta a dhéanamh amach/bealach aige le focail a chasadh timpeall ar bhealaí áirithe/ Gaeilge iontach aige.
6. File pobail.
7. Greann agus diabhláíocht.
8. Gaeltacht Chonamara.

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Cleachtadh Gramadaí

1. Rugadh, bhí, scríobh, chaith is araile.
2. Dá shaol, a chlann, a pheann, lena is araile.
3. Faoi, i, ar, trí, faoi, ó.
4. Níos luaithe.
5. Sconsa, fear, file, saol, duine, ceantar, domhan, Meiriceá, peann is araile.
6. Bliain, áilleacht, bádóireacht, bean, clann, Breatain, muintir, filíocht, seachtain.
7. Fear cumtha amhrán, Tom a' tSeoighe, áilleacht an cheantair, tábhacht na bádóireachta, lucht na Gaeilge, muintir Chonamara.
8. Bhíodh, thugadh, scríobhadh.